Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Aibreán 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0059(COD)**

7218/20
ADD 2

CODEC 256
PECHE 94
CADREFIN 69

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun tionchar ráig COVID-19 a mhaolú in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe **(an chéad léamh)**<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach<br>– Cinneadh maidir le maolú ón tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Is díol sásaimh don Choimisiún é go bhfuil Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ag glacadh gan mhoill an togra uaidh chun athrú a dhéanamh ar an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh chun tionchar ráig COVID-19 a mhaolú agus chun cuidiú lenár gcuid iascairí agus lenár gcuid táirgeoirí in earnáil an dobharshaothraithe.

Is mian leis an gCoimisiún a chur i bhfios go láidir go bhfuil rialú na n-iascach agus bailiú sonraí eolaíocha ríthábhachtach chun bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar stoic éisc ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar bhonn an fhorfheidhmithe iontaofa. Níor cheart meath a theacht ar an toradh a bhíonn ar na heilimintí fíor-riachtanacha seo den Chomhbheartas Iascaigh de bharr an laghdaithe ar acmhainní airgeadais.

Is mian leis an gCoimisiún a chur in iúl go láidir go dtugann an togra uaidh, mar aon leis na leasuithe a rinneadh air, aghaidh ar an ngéarchéim uathúil atá ann de thoradh ráig COVID-19 agus ar an ngéarghá eisceachtúil le tacaíocht chun dul i ngleic le hiarmhairtí na ráige céanna. Ní féidir réamhbhreithiúnas a bheith iontu ar an Rialachán a bheidh ann amach anseo maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh.